



Mise Mar Fhoghlaimoír



Tóg deiseanna i rith na bliana scoile chun labhairt led' pháiste faoin dearcadh atá acu futhú féin mar fhoghlaimoír. Nuair atá léirmheas á dhéanamh agat ar 'Mo Fhéiniúlacht mar Fhoghlaimoír' smaoinigh ar na rudaí seo a leanas:

- ✓ Is gá meas a léiriú do thuairim an pháiste i gcónaí.
- ✓ Smaoinigh gurab é dearcadh do pháiste agus a dtuiscint féin futhú atá tábhachtach. Níl tú ag lorg freagraí a shásódh tú mar thuismitheoir.
- ✓ Éist le do pháiste ar shlí atá neamhdhaorbhreithiúnach.
- ✓ Glac go huile agus go hiomlán lena ndearccháí agus bí dearfach maidir leo.
- ✓ Ná cáin aon fhreagra a thugann do pháiste riamh. Cuimhnigh, is a ndearcadh ar an saol atá tábhachtach.
- ✓ Cuir ceisteanna neamhiata.
- ✓ Seachain ceisteanna le freagraí mar 'Sea' nó 'Ní hea', 'Tá' nó 'Níl'
- ✓ Éist le do pháiste.
- ✓ Má tá tú chun tuairim a thabhairt, ná tabhair tuairim ach faoi fhíricí doshéanta m.sh., 'Tugaim faoi deara go bhfuil aghaidh sásta curtha isteach agat ansan..'



# Pointí Eolais do Thuismitheoirí



Tuilleadh eolais @ [www.misemarfhoghlaimoír.com](http://www.misemarfhoghlaimoír.com)

Mise Mar Fhoghlaimoír 2017  
Suzanne Ní Phearcín



Coimeád 'Féiniúlacht an Fhoghlaimoír' do pháiste slán agus ar fáil le haghaidh léirmheasa thar na mblianta. Is taifead í seo ar aistear agus ar fhorbairt do pháiste mar fhoghlaimoír éifeachtach agus mar fhoghlaimoír fad saoil.







## Cad atá i gceist le 'Mo Fhéiniúlacht mar Fhoghlaimeoir'?

Tá 'Mo Fhéiniúlacht mar Fhoghlaimeoir' aitheanta mar an próiseas a bhaineann le forbairt an pháiste/an duine mar fhoghlaimeoir. Cuireann sé ar chumas na ndaltaí léirmheas a dhéanamh orthu féin mar fhoghlaimeoirí agus tuiscint a chothú iontu faoin mbealach ina bhfuil a ngníomhaíochtaí, a mothúcháin, a smaointe agus a n-aidhmeanna foghlama nascaithe le chéile.

## An tSraith 'Mo Fhéiniúlacht mar Fhoghlaimeoir'



Is acmhainn nua ar leith í an tsraith 'Mo Fhéiniúlacht mar Fhoghlaimeoir' atá deartha d'fhoghlaimeoirí ón réamhscoil go Rang a Sé chun Féiniúlacht an Fhoghlaimeora a chothú.

## Cad a thairiscíonn 'Mo Fhéiniúlacht mar Fhoghlaimeoir' dod' fhéin agus dod' pháiste?

Is creatlach comhtháite, oiriúnach ó thaobh céime de agus forbartha í 'Mo Fhéiniúlacht mar Fhoghlaimeoir' atá deartha chun féiniúlacht an fhoghlaimeora a chothú le linn na mblianta scoile. Lorgaíonn an tsraith comhpháirtíocht bhaile-scoile ar mhaithe le féiniúlacht fhoghlaimeora do pháiste a chothú, an 'cé' agus am 'conas' a bhaineann le foghlaim.



## Cuireann 'Mo Fhéiniúlacht mar Fhoghlaimeoir' ar do chumas:

- Tuiscint a fháil ar dhearcadh do pháiste faoin scoil agus faoin bhfoghlaim.
- Tacaíocht a thabhairt dod' pháiste ón tús agus iad ag forbairt mar fhoghlaimeoirí.
- Tacú le meoin fhoghlaimeora éifeachtacha agus le foghlaim ar feadh an tsaoil.
- Cuntas a chur le chéile faoi thaithí foghlama do pháiste i rith na mblianta scoile.
- An Tuarisc Scoile a mheá i gcomhthéacs an phictiúir shaibhir a thugann do pháiste sa tuiscint atá aige/aici mar fhoghlaimeoir.
- Leas, guth agus freagracht an fhoghlaimeora a chur chun cinn.



## Conas gur féidir leat tacú le 'Mo Fhéiniúlacht mar Fhoghlaimeoir':

- Tugann Cuid 1 de gach leabhar cuireadh dod' pháiste smaoineamh faoin domhain ina bhfuil siad, faoina láidreachtaí, faoin tslí a fhoghlaimíonn sé/sí, faoi conas mar a mhothaíonn siad futhú féin mar fhoghlaimeoirí agus faoin scoil. Lorgófar comhpháirtíocht ó thuismitheoirí chun gníomhaíochtaí éagsúla a chomhlíonadh. Déan na gníomhaíochtaí seo a chíoradh le chéile agus tabhair tacaíocht dod' pháiste.
- 'Mo Bhealaí Foghlama', tugann Cuid 1 réamheolas faoina cuir chuige foghlama is tábhachtaí a bhaineann le nósmaireachtaí foghlama éifeachtacha. Taispeán rothanna straitéise ar an gcuisneoir nó ar an bhfalla agus spreag do pháiste straitéisí roghnaithe a roghnú agus a úsáid agus obair bhaile á dhéanamh aige/aici.
- Tugann Cuid 2 de gach leabhar cuireadh dod' pháiste a g(h)uth a thaifead faoin bpróiseas foghlama. Spreag do pháiste chun úsáid a bhaint as na Cártaí Cúnta, an Ciúb Cúnta agus na Cártaí Athmhachnamhacha chun smaoineamh faoina bhfoghlaim agus gníomhaíochtaí obair bhaile nó obair scoile á dhéanamh acu.

